Cairde na scoile Nuachtlitir

25-03-2015

A thuismitheoirí, a chairde,

Tá na ticéid don oíche le ceol na n-ochtóidí, a bheidh ar siúl in Óstán an Carnegie Court, Aoine, an 24-04-15, ar díol anois ó Linda san oifig nó ó aon bhall de choiste Chairde.

Seo príomh eachtra na bliana seo chun airgead a dhéanamh don scoil. Tá €30 ar na ticéid agus beidh ceol beo, DJ, bia te agus síneadh ar an mbear. Is féidir ticéid a cheannach tríd an fhoirm a líonadh ata seolta abhaile sa chlúdach litreach. Díolfar iad de réir mar a thagann daoine – ná bíodh aon mhoill ort! Beidh crannchur ar an oíche le duaiseanna den scoth agus ceannt leis. Lán-fháilte roimh thuismitheoirí duaiseanna a chur ar fáil don oíche. Lán-chead agat gléasadh suas ar an oíche!

Cabhróidh an t-airgead leis an dromchla uile-aimsire a leathnú agus cur le teicneolaíocht an eolais sa scoil.

Eachtraí Eile ag teacht chun cinn:

Rith do GSBB
Beith an Rith bhliantúil don scoil ag dul ar aghaidh ar an Satharn, an 29-05-15, i gCaisleán Mhullach Íde. Tosóidh an traenáil ar an gCéadaoin, an 22-04-15, ag 8.00i.n. Fáilte roimh chách teacht linn don traenáil 6 seachtaine – siúl, sodar nó rith ar son na ciúise! Beidh cártaí urraíochta ar fáil ón oifig i ndiaidh na Cásca agus ag na seisiúin.

Siúlóid Bhliantúil
Beidh an tSiúlóid bhliantúil ar siúl ar an Domhnach, an 7-06-15 i mBaile Uí Shaoraí, Sord. Beidh a thuilleadh eolais fuithi i ndiaidh na Cásca.

Bailiúchán éadaí 'Bag2School'
Tarlóidh an chéad bhailiúchán eile idir an 8-12ú Meitheamh. D'éirigh linn €1000 a bhailiú cheana féin ón dá bhailiúchán deireanach. Seo an bailiúchán deireanach roimh laethanta saoire an tsamhraidh agus beidh málaí ar fáil ón oifig.

Go Raibh Míle Maith Agaibh agus Cáisc Shona!

Cairde na Scoile